Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Iúil 2023
(OR. en)

12060/23

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0036(NLE)**

POLCOM 170
WTO 115
AGRI 417
UD 158
UK 152

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 6615/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas agus Poblacht na Sile de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) i ndáil le modhnú na lamháltas ar cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>- Glacadh |

1. An 17 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú[1], thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas agus Poblacht na Sile de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) i ndáil le modhnú na lamháltas ar cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích[2] an Chomhaontaithe sin.

[1] ST 6614/23 + ADD 1.
[2] ST 6615/23 + ADD 1.

2. An 20 Márta 2023, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[3] an Chomhaontaithe. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) CFAE, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6618/23, mar aon leis an gComhaontú féin[4], a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, d'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe amach anseo.

3. Síníodh an Comhaontú le Poblacht na Sile an 9 Meitheamh 2023.

4. An 11 Iúil 2023, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir le tabhairt chun críche an Chomhaontaithe.

5. An 20 Iúil 2023, d'fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh ón gComhairle maidir leis tabhairt chun críche an Chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6618/23 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo; agus

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

---

[3] ST 6617/23 (foilsithe in IO L 86, 24.3.2023, lch. 1).
[4] ST 6619/23.